# Airíonna agus athruithe ábhar

Comhad fíricí

## Céard is eolaí taighde cadhnraí ann?

Déanann eolaí cadhnraí iarracht cadhnraí níos fearr a dhéanamh le hábhair dhifriúla.



*Seo í Lizzie. Is eolaí taighde cadhnraí í. Baineann a taighde le hábhair nua cadhnraí a dhéanamh le haghaidh cadhnraí i bhfóin chliste agus i dtáibléid.*

Bíonn sé sin tábhachtach in go leor ionaid oibre, ar nós:

- saotharlanna taighde
- ollscoileanna
- tionsclaíocht, comhlachtaí mótarfheithiclí ina measc.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:

- Go maith ag obair foirne agus foighneach i rith iniúchadh.
- Tuartha a dhéanamh faoi ábhair atá oiriúnach lena n-úsáid bunaithe ar a dtuiscint ar leictreachais.

## Céard is poitigéir fisiceach ann?

Déanann poitigéir fisiceach staidéar ar an gcaoi a n-athraíonn ábhair agus ar an gcaoi a dtarlaíonn imoibrithe ceimiceacha.



*Seo í Ruth Benerito. Cheap sí fabraic chadáis frithfhilltíní.*

Bíonn obair poitigéirí fisiceacha tábhachtach in go leor ionaid oibre, ar nós:

- siopaí éadaí
- ollscoileanna
- saotharlanna taighde.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:

- A bheith in ann raon fiosrúcháin phraiticiúla a leagan amach chun fadhbanna a réiteach.
- Raon tástálacha a úsáid.
- Patrúin a chuardach i dtorthaí.

## Céard is teicneoir datha ann?

Is gruagairí iad teicneoirí datha. Úsáideann siad eolaíocht agus dearadh agus teicneolaíocht chun ruaimeanna difriúla a chruthú chun dath a chur ar ghruaig.




*Seo í Alisha Dobson. Díríonn sí ar dhath a chur ar ghruaig.*

D'fhéadfaidís oibriú i:

- salónta gruagaireachta
- spánna nó sciamhlanna
- óstáin nó longa crúsála.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta**:

- Cruthaitheacht agus comhoibriú chun ruaimeanna a dhéanamh a oireann do chineálacha difriúla gruaige.
- Breathnuithe cúramacha ar an gcaoi a n-athraíonn ruaimeanna dath gruaige.

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi airíonna agus athruithe ábhar a úsáid nuair a bheidh tú níos sine? An bhfuil poist eile ann ina n-úsáidtear foghlaim faoi airíonna agus athruithe ábhar?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY